Submissions received in respect of Official Languages Scheme 2009-2012

		Page
1	Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	2
2	Conradh na Gaeilge	8
3	Údarás na Gaeltachta	14

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Aighneacht

maidir le dréachtú an dara scéim

faoi réir Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

chuig Roinn an Taoisigh

Bealtaine 2008

Réamhrá

Is í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge lár-chomhairle phobal na Gaeilge. Léirítear príomhchuspóir na Comhdhála trína Ráiteas Misin “bá agus tacaíocht don Ghaeilge mar bheotheanga agus cumas inti a neartú agus a bhuanú le go mbeidh sí á húsáid go saoráideach agus go forleathan i ngach gné de shaol mhuintir na hÉireann.”

Bunaithe i 1943, feidhmíonn an Chomhdháil mar scátheagraíocht ar na heagrais dheonacha Gaeilge agus thar ceann phobal na Gaeilge ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan. Tá 24 balleagraíocht sa Chomhdháil ó mhór-réimsí uile na hearnála. Is í feidhm don Chomhdháil na heagraíochtaí Gaeilge agus cairde eile na teanga a chomhdhlúthú d'fhonn comhpháirtíocht thorthúil a chinntiú trí chumarsáid a chothú agus aontú ar phríomh spriocanna oibre na Comhdhála.

Tá spéis ar leith ag eagraíochtaí na Comhdhála i stádas na Gaeilge agus go háirithe sa chás go bhfuil feidhm á tabhairt don stádas sin i reachtaíocht na tíre. Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh an deis seo tuairimí a chur faoi bhur mbráid faoin ndréacht-scéim atá beartaithe ag **Roinn an Taoisigh.**

Tá breis eolais faoi obair na Comhdhála le fáil ag www.gaelport.com.

Aighneacht

Éilíonn an tiomantas do Sheirbhís Chustaiméirí ar Ardchaighdeán mar chuid de Phróiseas Nuachóirithe na Seirbhíse Poiblí tiomantas ar leith ó chomhlachtaí poiblí maidir le feabhas leanúnach a dhéanamh ar chaighdeáin cúram custaiméirí, ar sheirbhísí agus ar chomhchomhairle le custaiméirí chun na críche sin. Mar thúsphointe don dara Scéim seo tá gá anois le próiseas chomhchomhairle leathnaithe a chuimsíonn suirbhéanna chustaiméirí, grúpaí fócais rialta, srl.

Moltaí

1. Moltar go ndéanfaí cur síos cuimsitheach faoin gceannteidil *Achoimre ar Sheirbhísí agus Ghníomhaíochtaí na hEagraíochta* ar:

- mar a cuireadh leis na seirbhísí sin de réir thosaíochta trí fheidhmiú na chéad scéime, agus
- na seirbhísí trí Ghaeilge a bhí ar fáil roimh teacht i bhfeidhm na chéad scéime
- mar ar a chuirfear, céim ar chéim, leis na seirbhísí a bheidh ar fáil de réir na scéime nua.

2. Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh

(i) Ní leor d'eagraíochtaí Stáit freastal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá dualgas ar an Stáit éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chothú i gcónaí. Tá gá le leasú ar Chairt Chustaiméara na Roinne faoin gceannteidil *An Ghaeilge* dá réir.

(ii) Tá sé den riachtanas go mbeadh a fhios ag an bpobal go bhfuil seirbhísí i nGaeilge á dtairiscint ag an Roinn, go bhfuil na seirbhísí sin ríofa amach go soiléir agus go bhfuil fíor fháilte roimh an bpobal na seirbhísí sin a úsáid (féach moltaí faoi **7** thíos).

(iii) Ní mór a chinntiú go ndeimhníonn gach fianaise fhisiciúil san eagraíocht, sna hoifigí phoiblí ach go háirithe, gurb ionad oibre dátheangach atá ann.

(iv) Sa chaoi seo tugtar tairiscint dearfach go bhfuil mar aidhm leis an custaiméir a chur ar a s(h)uaimhneas agus seirbhísí i nGaeilge á lorg.

Aithníonn An Chomhdháil an fhorbairt atá déanta ar a suíomh gréasáin ag an Roinn seo mar áis le cur chuige na Roinne i dtaobh na Gaeilge agus na seirbhísí dátheangacha atáthar ag soláthar a phoibliú. Ar ndóigh tá ról an-tábhachtach ag an Roinn seo treoir agus dea-shampla a thabhairt do chomhlachtaí poiblí eile maidir le seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal toisc seasamh na Roinne mar cheannródaí don nuachóiriú sa Státseirbhís agus mar dhea-eiseamlár do na Ranna Rialtais eile.

3. Imfhálú ar phoist

(i) Iarrtar go mbeidh feidhmeannach/oifigeach amháin ar a laghad ainmnithe agus dualgas air/uirthi seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil ó **gach rannóg** de chuid na Roinne a bhíonn ag plé leis an bpobal, agus go bhfoilseofaí ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir gutháin, seoladh r-phoist, srl.) na bhfostaithe sin.

(ii) Ní mór a chinntiú go bhfuil an fáilteoir / oibrí malartáin inniúil sa Ghaeilge le gur féidir leis/léi déileáil le glaonna trí Ghaeilge go héifeachtach.

(iii) Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge aitheanta mar riachtanas do na poist thuasluaite agus foireann á earcú. Ba cheart leis go mbeadh an Roinn sásta córas oiliúna a chur ar fáil go hinmheánach nó go seachtrach dá bhfostaithe chun freastal ar an iarratas thuas.

(iv) Ní mór a chinntiú go mbíonn gach oifig de chuid na Roinne, atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta ag feidhmiú de réir Alt 13(2)(d & e).

(v) De réir mar a chuirtear scéim na Roinne i bhfeidhm cuirfear leis na seirbhísí atá á sholáthar trí Ghaeilge ar bhonn céimiúil. Ní mór a chinntiú go mbíonn deiseanna ardaithe céime ar fáil do na daoine atá i mbun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, mar aitheantas don tseirbhís atá á chur ar fáil acu agus lena saineolas a chinntiú don eagraíocht sa réimse chéanna amach anseo.

(vi) Tá den riachtanas go gcuirtear córais mhonatóireachta agus athbhreithnithe chuí i bhfeidhm san Roinn lena chinntiú go bhfuil an soláthar seirbhíse ar chomhchaighdeán i nGaeilge agus i mBéarla

4. Rochtain ar cháipéisíocht

Is gá go mbeadh gach foirm atá le húsáid ag an bpobal ar fáil gan dua go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Moltar go bhfoilseofar foirmeacha iarratais, bróisiúir eolais, agus cáipéisíocht uile na Roinne go dátheangach taobh istigh den chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh is gá próiseas a bheith ann lena chinntiú go bhfuil rochtain comhchosúil ar an dá leagan den cháipéis chéanna.

5. Cruinnithe Poiblí

Moltar go mbeadh oifigigh i Roinn an Taoisigh ar an airdeall faoi shainriachtanais lucht labhartha na Gaeilge agus muintir na Gaeltachta araon ach go háirithe sa chás go mbíonn cruinniú poiblí le heagrú.

6. Reachtaíocht

Is gá go dtógfaí san áireamh riachtanais phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in aon reachtaíocht a bheadh á hullmhú ag an Roinn.

7. Tuairisciú ar dhul chun cinn

(i) Ba cheart go bhfoilseofaí na tuairiscí ar dhul cinn a cuirtear faoi bhráid an Choiste um Chomhairle Bhainistíochta ag an Ghrúpa Stiúrtha QCS go tráthúil.

(ii) Ba cheart go gcuirfí tuairisc bhliantúil ar fáil don phobal maidir le dul chun cinn feidhmiú na scéime agus go bpoibleofaí an tuairisc sin.

(iii) Ní mór poibliú forleathan a dhéanamh ar sheirbhísí nua atáthar ag soláthar trí Ghaeilge a luaithe agus atá ar chumas na Rannáin ar leith atá ainmnithe sa Scéim na seirbhísí fheabhsaithe trí Ghaeilge geallta faoin Scéim a sheachadadh don phobal.

AIGHNEACHT DO ROINN AN TAOISIGH FAOI ALT 11 d'ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

RÉAMHRÁ

Is é seo a leanas bunchuspóir Roinn an Taoisigh de réir a scéime don tréimhse 2005-2008:-

> **"tacaíocht, comhairle ar pholasaithe agus eolas riachtanach a sholáthar don Rialtas, don Taoiseach agus d'Airí Stát ar son iompair éifeachtach an Rialtais agus do cheannaireacht dinimiceach, comhordnú agus treoir straitéiseach de pholasaí Rialtais."**

Is gá go mbeadh an pobal in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach gné de chuid Roinn an Taoisigh mar atá luaite faoin bpolasaí rialtais dár teideal Seirbhís Custaiméara den Scoth.

Seachas próiseas frithghníomhach a bheith i gceist le soláthar seirbhísí Gaeilge sa Roinn, ba chóir go mbeadh próiseas réamhghníomhach ann agus tairiscint ghníomhach a chur faoi bhráid an phobail plé leis an Roinn ina rogha teanga. Is é sin, ba chóir go gcuirtear in iúl don saoránach go bhfuil rogha teanga aige/aici seachas an tseirbhís a chur ar fáil nuair a éilíonn an saoránach an tseirbhís sin. Molann Conradh na Gaeilge don Roinn an rogha teanga seo a chur in iúl don phobal sa dara scéim.

Maidir le struchtúr na scéime, molann Conradh na Gaeilge leas a bhaint as teimpléad comónta, ionas go mbeidh scéimeanna den leagan amach céanna ag gach comhlacht stáit faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Le teimpléad comónta, bheadh comhionannas idir na comhlachtaí poiblí ar fad agus bheadh sé níos soiléire don chustaiméir cad iad na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach trasna na gcomhlachtaí poiblí ar fad. Molaimid leagan na haighneachta seo mar an teimpléad comónta sin.

EOLAS

Fáiltímid roimh na hiarrachtaí atá déanta ag an Roinn chun eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus réimsí eile eolais i dtaca leis an Roinn a chur ar fáil go dátheangach, an tuarascáil bhliantúil san áireamh. Molaimid leagan amach na bhfoilseachán a bheith comhuaineach leis an nGaeilge ar chlé agus an Béarla ar dheis. Tá sé tábachtach an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí le cur in iúl go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge i ngnóthaí na Roinne.
Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

COMHFHREAGRAS

Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh agus go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil. Maidir le stáiseanóireacht, ba chóir go mbeadh ainm agus sonraí teagmhála na Roinne dátheangach.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

CÓRAS GUTHÁIN

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach leis an Roinn. Tá sé tábhachtach gur féidir le gach teileafónaí déileáil le fiosruithe an phobail sa dá theanga oifigiúla agus go gcuirfí in iúl don saoránach:

- go bhfuil rogha teanga aige/aici,
- go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge,
- go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar chomhchaighdeán le seirbhís Bhéarla ar fáil.

Moltar fáilte a chur as Gaeilge i gcónaí nuair a fhreagraítear an guthán, agus teachtaireachtaí dátheangacha a thaifead, nó teachtaireachtaí Gaeilge más i gceantar Gaeltachta í an oifig. Maidir le córas uathoibríoch, ba chóir go dtabharfaí rogha teanga don saoránach roimh aon rogha eile. Níor chóir go gcuirfí moill ar ghnó an tsaoránaigh nó go gcuirfí as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil dó/di má lorgaíonn sé/sí seirbhís trí Ghaeilge.
Sprioc: Ó thus na Scéime

RÍOMHPHOST

Moltar leagan Gaeilge a bheith ann do gach seoladh ríomhphoist, mar shampla: oifigphreasa@taoiseach.ie a úsáid agus a cheangal leis an leagan Béarla ionas go dtéann gach ríomhphost isteach chuig an seoladh amháin. Tá sé tábhachtach nach gcuirtear moill ar ghnó an tsaoránaigh má dheineann sé/sí a g(h)nó i nGaeilge.
Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

SUÍOMH IDIRLÍN

Tá an-tábhacht sa lá atá inniu ann leis an suíomh idirlín mar gurb é an chéad fhoinse eolais go hiondúil a bhíonn ag an saoránach don Roinne agus léiríonn úsáid na Gaeilge ar an suíomh meon na Roinne i leith na Gaeilge. Fáiltímid roimh dhátheangachas suíomh na Roinne. Cuirimid na moltaí seo a leanas roimh an Roinn ionas go ndéileáilfí leis an dá theanga oifigiúla ar bhonn comhionann:

- Leathanach baile a chur suas a thabharfaidh rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Má bhíonn íomhánna ar an leathanach baile molta seo, tá sé tábhachtach go léiríonn said go mbaineann gach ceann den dá theanga oifigiúla le pobal na hÉireann ar fad.

- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad .

- Cinntiú go bhfuil Gaeilge chruinn ar an suíomh, agus go bhfuil an leagan Gaeilge suas chun dáta leis an leagan Béarla.

- Óráidí ar an suíomh a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.

- Is gá go gcuirfidh Roinn an Taoisigh in iúl do gach eagras, seirbhís agus gnólacht ar shuíomh na Roinne go gcaithfear seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.

Sprioc: Roimh dheireadh na Scéime

CÓRAS RÍOMHAIREACHTA

Tá sé an-tábhachtach go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge sa chaoi is gur féidir le foireann na Roinne seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil atá ar chomhchaighdeán le seirbhís Bhéarla. Ba chóir 'Gaelspell', 'Gléacht' nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid sa Roinn.
Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

FOIREANN

De réir Scéim Roinn an Taoisigh 2005-2008: **"Tá coimitmint leanúnach ann traenáil agus forbairt chuí a sholáthar don fhoireann ar fad, sa dá theanga oifigiúla, le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí atá ag teacht chun cinn agus chun poitéinseal iomlán na foirne a fhorbairt le linn a ngairmeacha sa Roinn seo."** Fáiltímid roimh an ráiteas seo. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an fhoireann an tábhacht a bhaineann le bheith ábalta plé le agus seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí na Roinne go dátheangach. Maidir le cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán atá ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oifige, molaimid cúrsaí Gaeilge Chonradh na Gaeilge atá curtha in oiriúint do shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann Má Nuad.
Sprioc: Roimh dheireadh na Scéime

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

Tá sé tábhachtach go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlána na Roinne a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá sé tábhachtach go mbeidh:

- Foireann ann chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge

- Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil i nGaeilge a chur in iúl don phobal

- Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té a lorgaíonn seirbhís i nGaeilge.

- Córais inmheánacha, foirmeáilte agus neamhfhoirmeáilte, chun úsáid na Gaeilge i measc na foirne a spreagadh

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

PLÉ LEIS AN bPOBAL

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé leis an bpobal nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís a fháil trí Ghaeilge. Eolas a bhfuil seirbhís mar seo ar fáil a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Molaimid go seolfadh an Roinn aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó aon ócáid phoiblí eile go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más ceantar Gaeltachta atá i gceist.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim

CEANTAIR GHEALTACHTA AGUS CEANTAIR INA BHFUIL LEIBHÉAL ARD CAINTEOIRÍ GAEILGE AGUS GAELSCOILEANNA

Fáiltímid roimh an tagairt a dhéanann scéim Roinn an Taoisigh 2005 – 2008 do cheantair Ghaeltachta. Molaimid go ndéanfaidh an chéad scéim eile den Roinn tagairt chomh maith do sheirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí ó cheantair ina bhfuil leibhéal ard cainteoirí Gaeilge agus gaelscoileanna ionas go gcuirtear in iúl go bhfuil riachtanaisí faoi leith ag teastáil ó na ceantair sin. Fáiltímid roimh an méid atá geallta i scéim na Roinne 2005-2008 ó thaobh logainmneacha Gaeltachta de, is é sin:- **"úsáidfear ainmneacha na limistéir sin do chuspóirí oifigiúla mar a d'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004."**

Sprioc: Tús na Scéime

OIFIGÍ / FOIRGNIMH

Molaimid do Roinn an Taoisigh go mbeadh comharthaí dátheangacha i ngach oifig den Roinn, nó i nGaeilge amháin i gceantair Ghaeltachta, go ndéanfaí soiléir go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla. Ba chóir go mbeadh comharthaí ann le taispeáint cé tá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil agus cad iad na réimsí seirbhíse lena mbaineann na daoine sin. Ba chóir don Roinn atmaisféar dearfach i leith na Gaeilge a chruthú i ngach ceann dá cuid oifigí, go hoifigiúil agus go neamhoifigiúil, mar shampla, le seomra caidrimh, mar a mbeadh fáilte roimh bhaill na foirne teacht le chéile agus an Ghaeilge a labhairt go neamhoifigiúil eatarthu féin. Molaimid don Roinn gach deis a thapú, mar shampla imeachtaí a reáchtáil chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh gach bliain, chun próifíl na Gaeilge agus feasacht teanga a ardú.

Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana

ÓCÁIDÍ POIBLÍ

Molaimid go reáchtáilfear gach ócáid phoiblí trí Ghaeilge nó go dátheangach idir chomharthaí agus chur i láthair, óráidí san áireamh, agus go ndéanfar aistriúchán/ateangaireacht comhuaineach más ócáid dhátheangach í.
Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana

FÓGRAÍOCHT

Molaimid go ndéanfar an scéim chomhaontaithe a phoibliú go leathan agus go ndéanfar fógraíocht ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge. Molaimid go gcuirfear isteach siombail nó ráiteas, a léiríonn go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge, i ngach fógra a fhoilsíonn an Roinn chun go dtuigeann an pobal gur féidir an Ghaeilge a úsáid thar na réimsí ar fad den Roinn.
Sprioc: Tús na Scéime

FREAGRACHT

Go leanfaí le córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéil éagsúla riaracháin chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.
Sprioc: Tús na Scéime

FAIREACHÁN & ATHBHREITHNIÚ

Fáiltímid roimh bhearta na Roinne i dtaobh athbhreithniú na Scéime, agus d'fhaireachán forbairt na Scéime .
Sprioc: Tús na Scéime

EARCAÍOCHT

De réir Scéim na Roinne 2005-2008, déanfar bearta achur i bhfeidhm **"ionas go n-earcaítear agus go gcoinnítear líon cuí foirne le cumas sa Ghaeilge sa Roinn chun freastal ar fhorálacha an Achta."** Fáiltímid roimh an gcéim chun tosaigh seo. Molaimid na bearta seo a leanas don phróiseas earcaíochta chun an aidhm thuas a bhaint amach:-

- Fógrófar ar fhógraí earcaíochta uile de chuid Roinn an Taoisigh go dtabharfar tús áite don iarrthóir dátheangach (Gaeilge/Béarla) ach na cáilíochtaí cuí eile a bheith aige/aici ach go nglactar freisin le hiarratais ó dhaoine gan Gaeilge a bheidh sásta cur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.

- Sa chás nach gcuireann aon iarrthóir le Gaeilge isteach ar phost ar leith leis an Roinn, cuirtear na hagallaimh don phost ar atráth ar feadh tréimhse 6 seachtaine, athfhógraítear an post agus tógtar céimeanna cuí eile chun iarrthóirí le Gaeilge a aimsiú agus a mhealladh.

- Tionscnófar córas nua ceapacháin lena síneofar conradh sealadach 3 bliana le duine gan Gaeilge le cur ar a c(h)umas leordhóthain Ghaeilge a thabhairt leis nó léi chun cúraimí a p(h)oist a chomhlíonadh trí Ghaeilge. Má éiríonn leis an duine sin sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, déantar iomlán an ceapachán. Muna n-éiríonn, fógraítear an post arís gan dochar do cheart an iarrthóra ar theip air/uirthi sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge cur isteach air agus conradh sealadach eile 3 bliana a shíniú leis an Roinn más cuí.

- An rogha teanga a thabhairt do gach agallalaí, is cuma má tá an Ghaeilge ina sainriachtanas don phost i gceist nó nach bhfuil.

Sprioc: Roimh dheireadh na scéime

_____

AIGHNEACHT Ó CHONRADH NA GAEILGE, 6 SRÁID FHEARCHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
20 BEALTAINE 2008.

Sinéad Nic Coitir
Roinn an Taoisigh
Tithe an Rialtais
Baile Átha Cliath 2

Ríomhphost : Gaeilge@taoiseach.ie

20 Bealtaine 2008

<u>Dréacht Scéim do 2008 – 2011 á hullmhú ag Roinn an Taoisigh faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</u>

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta na pointí seo a leanas a dhéanamh maidir leis an scéim nua atá á dhréachtadh:

1. Forálann Alt 11 den Acht go bhféadfadh an tAire, le fógra i scríbhinn chuig ceann comhlachta phoiblí, a cheangal ar an gcomhlacht poiblí dréacht scéim a ullmhú agus a thíolacadh dó nó di lena daingniú laistigh de cibé tréimhse ama (nach faide ná 6 mhí ó dháta eisithe a fhógra) a bheidh sonraithe san fhógra, ar dréacht scéim í ina sonrófar:

    (a) na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar
        (i) trí mheán na Gaeilge amháin

(ii) trí mheán an Bhéarla amháin
(iii) trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon
agus

(b) na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh

2. (a) Sonrófar i ndréacht scéim dá dtagraítear *i bhfo-alt* (i) na modhanna cumarsáide atá le soláthar sa Ghaeilge amháin, sa Bhéarla amháin agus sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

2. Sa mhéid nach léir dúinn ag an bpointe seo cé na torthaí a baineadh amach sa chéad dréacht scéim 2004 – 2007 agus nach bhfuil tuairisc ar fáil ar líon na gcomhlachtaí a bhfuil dréacht scéimeanna á bhfeidhmiú acu ná an staid ina bhfuil na dréacht scéimeanna sin maidir lena bhfeidhmiú is deacair dúinn moltaí sonracha a dhéanamh maidir le dréacht scéim 2008 – 2010. Feictear dúinn, áfach, go bhfuil sé inmhianaithe agus riachtanach, mar gheall ar staid leochaileach na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht, go dtabharfaí tosaíocht ar leith:

(a) do chomhlachtaí poiblí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht nó a bhfuil a chuid foirne lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag freastal ar phobal na Gaeltachta.

(b) do chomhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid oifigí riaracháin lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht ach a bhfuil seirbhísí á soláthar acu do phobal na Gaeltachta.

(c) do chomhlachtaí poiblí a sholáthraíonn seirbhísí do phobal na Gaeltachta trí chonraitheoirí nó trí chuideachtaí comhairleoireachta.

Bheadh sé tábhachtach ina gcás sin go ndíreofaí aird agus béim ar leith:

(a) ar an gcumarsáid labhartha/bhéil idir na dreamanna sin agus pobal na Gaeltachta sa réimse iomlán gníomhaíochtaí ina dtarlaíonn an teagmháil leis an bpobal.
(b) ar an gcumarsáid chomharthaíochta, fhógraíochta agus phoiblíochta a bhaineann le gnóthaí na gcomhlachtaí agus na gcuideachtaí sin.

Tuigimid gur beag déileáil a bhíonn ag Roinn an Taoisigh le pobail i gceantair Ghaeltachta nó Galltachta ach mar sin féin tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Roinn dea-shampla a léiriú i leith na Gaeilge. Molaimid mar sin mar chéad chéim in ullmhú na scéime go ndéanfaí scrúdú ar na nithe seo a leanas:

- An dul chun cinn atá déanta go dtí seo in oiliúint agus i gcumasú foirne ó thaobh seirbhíse a chur ar fáil trí Ghaeilge faoi mar a bhí leagtha síos mar sprioc sa Scéim roimhe seo.

- Anailís a dhéanamh ar réimsí oibre na Roinne is mó a ndéanach éileamh orthu trí Ghaeilge faoin Scéim dheireanach agus céimeanna a aithint le cur leis an tseirbhís seo.

Molaimid freisin nach ndéanfaí aon mhaolú ar an tiomantas a tugadh sa Scéim roimhe seo le seirbhísí a thabhairt trí Ghaeilge nó go dhátheangach.

Má tá aon cheist agat faoi ábhar na haighneachta seo, déan teagmháil liom.

Is mise, le meas



Máire Ní Mhainín
Comhordaitheoir Teanga